**Leasú 469**
**Grace O'Sullivan**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 12 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailéid, boscaí, ***seachas boscaí cairtchláir,*** tráidirí, cliathbhoscaí ***plaisteacha***, coimeádáin idirmheánacha builc, drumaí agus ceanastair, de gach méid agus ábhair, lena n-áirítear formáidí solúbtha. | Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailéid, boscaí, tráidirí, cliathbhoscaí, coimeádáin idirmheánacha builc, drumaí agus ceanastair, de gach méid agus ábhair, lena n-áirítear formáidí solúbtha. |

Or. en

*Réasúnú*

*De réir staidéar a rinne Naturschutzbund Deutschland is ionann an phacáistíocht cairtchláir aon úsáide agus 69 % den phacáistíocht iompair ar fad sa Ghearmáin. Tá an 31 % eile déanta as adhmad agus plaisteach, agus tá a bhformhór in-athúsáidte cheana féin. Ós rud é gurb ionann cairtchlár agus formhór mór na pacáistíochta iompair, fágann a heisiamh ó na spriocanna athúsáide nach mbeidh aon fhíorthionchar ag an bhforáil sin ar an dramhaíl a ghintear le pacáistíocht iompair. Tá córais athúsáide do phacáistíocht iompair ann cheana agus ba cheart iad a mhéadú tuilleadh faoi 2030. Dá bhrí sin, ba cheart cairtchlár a áireamh sna spriocanna athúsáide.*

**Leasú 470**
**Grace O'Sullivan**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 13 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailéid, boscaí, ***seachas boscaí cairtchláir,*** cliathbhoscaí ***plaisteacha***, coimeádáin idirmheánacha builc, agus drumaí, de gach méid agus ábhair, lena n-áirítear formáidí solúbtha. | Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailéid, boscaí, cliathbhoscaí, coimeádáin idirmheánacha builc, agus drumaí, de gach méid agus ábhair, lena n-áirítear formáidí solúbtha. |

Or. en

*Réasúnú*

*De réir staidéir a rinne Naturschutzbund Deutschland is ionann an phacáistíocht aon úsáide agus 69% den phacáistíocht iompair ar fad sa Ghearmáin. Is as adhmad agus plaisteach an 31% atá fágtha, ar féidir a bhformhór a athúsáid cheana. I bhfianaise gur cuid formhór mór de phacáistíocht iompair is ea boscaí cairtchláir, ní bheidh tionchar mór ag an bhforáil seo ó thaobh dramhaíl a gintear as pacáistíocht iompair má eisiatar ó na spriocanna athúsáide é. Tá córais athúsáide do phacáistíocht iompair ann cheana agus ní mór iad a mhéadú ó scála faoi 2030. Dá bhrí sin ba cheart boscaí cairtchlár a áireamh sna spriocanna athúsáide.*

16.11.2023 A9-0319/471

**Leasú 471**
**Grace O'Sullivan**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Ón 1 Eanáir 2030 agus gan dochar d'fhorálacha mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar dramhaíl ó phacáistíocht nach mbaileofar ar leithligh a shortáil sula ndéanfar í a dhiúscairt nó roimh oibríochtaí athshlánaithe fuinnimh chun pacáistíocht atá deartha lena hathchúrsáil a bhaint.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Fiú leis an gcóras bailithe ar leithligh is fearr, rachaidh méid mór dramhaíl ó phacáistíocht isteach sa dramhaíl iarmharach. Ba chóir an cion in-athchúrsáilte den dramhaíl iarmharach a shortáil sula ndéanfar loscadh nó líonadh talún sa chaoi is go bhféadfar an cion in-athchúrsáilte sa dramhaíl iarmharach a athchúrsáil freisin.*